Cód Iompair

Iompar

Is iad aidhmeanna an chóid iompair seo do Ghaelscoil Phort Láirge ná:

- Chun spriocanna a thabhairt do pháistí, tuismitheoirí agus múinteoirí ar an iompar atáimid ag lorg.
- Chun imeachtaí scoile a dhéanamh slán sábháilte.
- Chun féin mhuinín na daltaí a fhorbairt agus dea iompar a mholadh.
- Chun cúram a mhúscailt sna daltaí ar féin smacht ina gcuid iompar agus meas ar dhaoine eile a chothú.
- Chun a chur le forbairt agus oideachas gach páiste.
- Chun meas ar a dtimpeallacht agus na daoine sa timpeallacht a chothú sna daltaí
- Chun gur féidir le múinteoirí oideachas a chur ar fáil gan aon rud ag cur isteach orthu.

Cur i bhFeidhm

Tá baint ag gach duine i bpobal na scoile le cur i bhfeidhm an cóid iompair. Le béim ar dea iompar i gcónaí, déanfar iarracht rialacha a choimeád simplí, ar an gannchuid agus tógfar riachtanaisí speisialta agus aois na bpaistí san áireamh agus iad in úsáid againn. Beidh béim agus duaiseanna do dea iompar i gcónaí. Aon uair go bhfuil deacrachtaí againn cuirfear fios ar na tuismitheoirí go luath.

Treoir Ginearálta ar iompar dearfach

1. Táimid ag súil go mbeidh meas ag gach dalta ar na daoine fásta agus na daltaí eile sa scoil. Ní ghlacfaidh an scoil le aon iompar a chuireann isteach ar mhúineadh agus foghlaim nó a chuireann daoine eile i mbaol
2. Táimid ag súil go mbeidh meas ag gach páiste ar earraí scoile agus go gcabhróidh siad le timpeallacht na scoile a choimeád glan agus néata.
3. Ba chóir do dhaltaí na scoile a bheith gléasta chun oibre i éadaí atá in oiriúint don scoil agus a leabhair scoile a bheith acu.
4. Ba cheart go leanfadh daltaí na treoracha a fhaigheann siad ó mhúinteoirí na scoile agus iarracht maith a dhéanamh ina gcuid oibre i gcónaí.
5. Is ceart go mbeadh daltaí i láthair ar laethanta scoile múna bhfuil cúis maith nach féidir leo. Ba chóir don scoil leithscéal a fháil i scríbhinn má chailleann páiste lá scoile.

Bulaíocht

Aithnítear bulaíocht mar ghníomhachtaí láidir go fisiciúil, ó bhéil nó meabhrach atá athdhéanta ag duine amháin nó grúpa in aghaidh daoine eile. An bulaíocht is coitianta ná ionsaithe fisiciúla, glao ainmneacha, bagairt, sracadh agus aonarú. Ní sheastar le bulaíocht ar chor ar bith sa scoil agus beimid ag súil go mbeidh cabhair ag teacht ó gach tuismitheoir i gcás bulaíochta sa scoil .

Ag tabhairt aitheantas d'Iompar Maith

Cód Iompair

Nuair a cuirtear béim ar dea chomharthaí iompair a aithint agus a mholadh cuireann sé sin le féin smacht sna daltaí a chothú. Is fearr níos mó ama a chaitheamh ar duaiseanna ná ar phí nósanna.

Straitéisí chun dea-iompar a mholadh

- Focal ciúin nó comharthaí chun moladh a thabhairt
- Focal molta scríofa i leabhar an dalta.
- Cuairt ar an bpríomhoide nó rang eile chun moladh a thabhairt.
- Labhairt faoi ag an tionól nó os chomhar an ranga.
- Duaiseanna don dalta nó rang idir teastaisí; stampaí; réaltaí 7rl.
- Cúram speisialta nó post a thabhairt don dalta.
- Labhairt leis an tuismitheoir faoi nó cuntas scríofa a sheoladh abhaile ón scoil.

Straitéisí chun Drochiompar a sheachaint

An aidhm le pionósanna ná chun iompar maith a lorg agus chun drochiompar a sheachaint. Gearrfar pionós de réir cé chomh dona is atá an drochiompar agus ag cur aois agus aibíocht an dalta san áireamh. Ina measc d'fhéadfadh na straitéisí seo leanas a bheith ann:

- Ag labhairt leis an bpáiste faoin iompar.
- Íde béil agus labhairt faoi chonas feabhas a chur ar an iompar.
- An dalta a thógaint go sealadach ón ngrúpa/rang ina bhfuil sé/sí.
- Obair breise a thabhairt don dalta.
- Príbhléidí a bhaint.
- An dalta a choimeád isteach i rith am sosa.
- Labhairt leis na tuismitheoirí.
- An dalta/daltaí a thógaint go dtí an príomhoide.
- Príomhoide ag cur scéala chuig na tuismitheoirí.
- Coinneáil amach ón Scoil (Ar fionraí nó Díbirt de réir Riail 130 de Rialacha do Scoileanna Náisiúnta agus leasaithe ag ciorcláin agus an tAcht Oideachais agus Education Welfare Act 2000).

Ní bheidh cosc ar dhalta/daltaí ó aon ábhar curaclam múna bhfuil cúis sábháilteachta agus slándála ann.

Daltaí a chur ar fionraí/Díbirt

Beidh go leor iarrachtaí teagmhála déanta le tuismitheoirí/caomhnóirí sula mbíonn úsáid bainte as dalta a chur ar fionraí nó páiste a dhíbirt ón scoil. Ag brath ar an gcás beidh an teagmháil déanta ó bhéil nó i scríbhinn.

Do drochiompar as an ngnáth nó i gcás drochiompar leanúnach beidh úsáid bainte as dalta a chur ar fionraí. Cuirfear fios ar na tuismitheoirí/caomhnóirí atá i gceist leis an gcás chun labhairt leo faoin drochiompar. Tuigtear gur drochiompar as an gnáth é aon iompar ionsaitheach a dhéanann bagairt fóiréigeantach ar dhalta eile nó múinteoir.

Nuair atá drochiompar leanúnach ar siúl, cuirfear Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta ar an eolas faoi. Seolfar cuireadh i scríbhinn chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí teacht chun bualadh leis an bPríomhoide agus an Cathaoirleach. Munar féidir leis na

tuismitheoirí/caomhnóirí a rá go mbeidh deireadh leis na drochiompar beidh seans go gcuirfí an dalta ar fionraí ar feadh tréimhse trí lá. Roimh dalta a chur ar fionraí, is féidir leis an bPríomh Oide athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás leis na múinteoirí agus baill eile den phobal scoile go bhfuil baint acu leis an gcás. Tógfaidh an athbhreithniú seo eachtraí drochiompar an dalta roimhe sin, aon pátrún agus chomhthéasc a bheadh i gceist, smachtbhannaí agus idirghabháil déanta agus aon tuairiscí sláinte a bheadh in oiriúint. Beidh an dalta curtha ar fionraí de réir rialacha na Scoileanna Náisiúnta agus an tAcht Oideachas agus an tAcht Leasa Oideachais 2000.
I gcás go bhfuil drochiompar atá thar a bheith dainséarach nó go dona in aon slí is féidir leis an mBord Bainistíochta cead a thabhairt don Chathaoirleach nó don Phríomh Oide dalta a chur ar fionraí láithreach ar mhaithe le córas iompar na scoile nó sábháilteacht an phobail scoile. Ní leanfaidh an tréimhse níos mó ná trí lá agus is féidir é a chur i bhfeidhm ag fanacht le labhairt leis na tuismitheoirí faoin eachtra.

I gcásanna eisceachtúla, tá údarás ag an Bord Bainsitíochta ar dhalta a dhíbirt ón scoil de réir Rialacha na Scoileanna Náisiúnta agus An tAcht Leasa Oideachais 2000. Sula ndéanfaí páiste a chur ar fionraí nó a dhíbirt ón scoil, cuirfidh an Bord Bainsitíochta scéal chuig Oifigeach an Bhoird Leasa Oideachais de réir an Alt 24 den Acht Leasa Oideachais 2000.

Páiste a thógaint ar ais ar scoil (Reinstatement)
Tar éis an dalta a bheith imithe ar fionraí don méid laethanta atá socraithe ag an mBord Bainistíochta is féidir le tuismitheoirí iarradh go glacfar leis an bpáiste ar ais ar scoil. Beidh ar na tuismitheoirí geallúint a thabhairt go mbeidh iompar an dalta de réir cód iompar na scoile agus an Príomh Oide sásta nach mbeidh éinne den pobal scoile i mbaol sábháilteachta má ghlacann an scoil leis an bpáiste arís. Déanfaidh an príomhoide cinnte go mbeidh plean iompar déanta amach don dalta más gá agus glacfaidh an príomhoide an páiste ar ais sa rang go foirmiúil.

<u>Rialacha na Scoile</u>
Coimeádfar rialacha na scoile ar an ngannchuid agus déanfar amach iad ar mhaithe le sábháilteacht an phobal scoile. Má tá an scoil chun a bheith éifeachtach ina gnó caithfidh rialacha na scoile a bheith soiléir, fógartha go minic agus curtha i bhfeidhm go rialta agus le cothrom na féinne.

Roimh/I ndiaidh Scoile
Cuirfear i gcuimhne do thuismitheoirí na nglacann foireann na scoile le cúram aon dalta roimh oscailt oifigiúil na scoile 08:50 a.m. nó i ndiaidh dúnadh oifigiúil na scoile ag 01:30 p.m. (do Naíonáin) agus ag 02:30 p.m. (do ranganna eile) ach amháin má tá daltaí i mbun ghníomhachtaí atá eagraithe ag an scoil le cead ón mBord Bainistíochta. Ag na h-amanta seo beidh sé in tuigthe go mbeidh cód iompar na scoile i bhfeidhm agus na daltaí i mbun na h-imeachtaí seo.

Cúram ar an mBord Bainistíochta
- Timpeallacht atá compordach agus sábháilte a chur ar bun.
- Tacaíocht a thabhairt don Príomh Oide agus an foireann scoile an cód seo a chur i bhfeidhm.

Cód Iompair

- An Cód a reáchtáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar go minic.

Cúramaí ar an bPríomh Oide.

- Atmaisféar dearfach a chur chun chinn sa scoil.
- Bheith cinnte go bhfuil an Cód a úsáid go seasmhach agus i slite atá cothrom.
- Athbhreithniú a chur i bhfeidhm nuair atá gá leis.

Cúramaí ar na Múinteoirí

An Cód Iompar a chur i bhfeidhm agus cuidiú leis.

- Timpeallacht sábháilte a chur ar bun do gach pháiste.
- Obair maith a aithint agus a mholadh.
- Obair a ullmhú do dhaltaí agus an obair sin a cheartú.
- Difríochtaí i measc na daltaí a aithint agus a thabhairt san áireamh.
- Bheith béasach, chomhsheasmhach agus cothrom.
- Na deiseanna do drochiompar a choimeád beag.
- Déileáil le drochiompar i slí atá oiriúnach.
- Cúntas a choiméad do drochiompar a tharlaíonn go rialta nó eachtraí drochiompar atá as an gnáth.
- Tacaíocht a thabhairt dá chomhleactha.
- Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus tuairiscí a thabhairt nuair atá gá leo.

Cúram ar Dhaltaí Scoile

- Teacht ar scoil in am agus go rialta.
- Éist leis na múinteoirí agus rudaí a dhéanamh de réir a chomhairle nó treoracha.
- Meas a léiriú do gach baill den pobalscoile.
- Aire a thabhair do earraí daltaí eile agus fearas agus troscán na scoile.
- Iompar a chuireadh daoine eile i mbaol a sheachaint.
- Gan rudaí gránna a rá le daoine eile nó drochtheaga a úsáid.
- Fáilte a chur roimh páistí eile ina gcluichí agus gníomhachtaí.
- Na leabhar agus an fearas ceart a thógaint ar scoil.
- Rialacha na scoile nó an seomra ranga a chomhlíonadh.

Cúram ar thuismitheoirí/caomhnóirí

A ndaltaí a spreagadh chun meas a bheith acu orthu féin agus ar dhaoine eile.

- Bheith cinnte go dtagann páistí ar scoil go rialta agus in am.
- Tacaíocht a thabhairt do pháistí ina gcuid oibre scoile.
- Bheith ar an eolas faoin gcód iompar agus tacaíocht a thabhairt é a chur i bhfeidhm.
- Co-oibriú le múinteoirí nuair atá iompar a ndalta ag cur isteach ar pháistí eile.
- Labhairt leis an scoil faoi aon rud a chuireann isteach ar dul chinn a bpáiste.

Cód Iompair

Rialacha Samplacha

Seomra Ranga

- **Déan mar a deireann do mhúinteoir leat**
- **Déan do dhícheall i gcónaí** Is ceart go ndéanfadh páistí a dícheall chun a obair a dhéanamh i gceart agus go néata.
- **Suigh i d'áit i gcónaí** Caithfidh páistí fanacht ina suí. Go h-áraithe nuair nach bhfuil an múinteoir sa seomra.
- **Ná cuir isteach ar obair an ranga**.
- **Gaeilge a úsáid i gcónaí**

Rialacha na Scoile

- **Gaeilge a úsáid i gcónaí**
- **Ní ceadaítear guma coganta nó deochanna 'fizzy' ar scoil**
- **Is ceart go mbeidh daltaí cúramach le fearas agus áiseanna scoile.**
- **Ní ceart go mbeadh aon dalta ag baint úsáid as fón póca ach amháin i gcásanna speisialta nó go bhfuil iarratas curtha isteach i scríbhinn ag tuismitheoirí roimh ré**
- **Is ceart go n-imreodh daltaí go sábháilte i gcónaí**
- **Is ceart go siúlfadh páistí chuig geata na scoile agus iad ag dul abhaile.**